Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**12569/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0205 (NLE)**

**ECOFIN 908**
**UEM 266**
**FIN 738**
**CADREFIN 132**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta do Lucsamburg a fhormheas |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta do Lucsamburg a fhormheas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh do Lucsamburg an plean téarnaimh agus athléimneachta ('RRP') náisiúnta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021')[2]. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 an 17 Eanáir 2023[3].

(2) An 16 Bealtaine 2024 chuir Lucsamburg RRP náisiúnta leasaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.

(3) Cuireann an RRP leasaithe san áireamh iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún moladh a dhéanamh chun an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ar na forais nach féidir an RRP a bhaint amach go páirteach a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Na leasuithe ar an RRP a chuir Lucsamburg isteach, baineann siad le ceithre bheart.

---

2 Féach doiciméid ST 10155/21 agus ST 10155/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

3 Féach doiciméad ST 16022/22 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) An 14 Iúil 2023 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid Lucsamburg i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Mhol an Chomhairle go gcuirfeadh Lucsamburg deireadh de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh; go n-áiritheodh sé beartas fioscach stuama; go gcaomhnódh sé infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta agus go n-áiritheodh sé go n-ionsúfaí deontais ón tSaoráid Téarnamh agus Athléimneachta ('an tSaoráid') agus cistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach; go leanfadh sé de bheith ag saothrú straitéis fhioscach mheántéarmach um chomhdhlúthú céimseach inbhuanaithe i ndiaidh 2024, in éineacht le hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá fabhrach d'fhás inbhuanaithe níos airde; go laghdódh sé rioscaí a bhaineann leis an margadh tithíochta; go dtabharfadh sé aghaidh ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean; go méadódh sé an ghníomhaíocht chun dul i ngleic go héifeachtach le pleanáil ionsaitheach cánach; agus go bhfeabhsódh sé feidhmíocht agus cothromas an chórais oideachais scoile. A mhéid a bhaineann le fuinneamh, mhol an Chomhairle go laghdódh Lucsamburg an spleáchas ar bhreoslaí iontaise trí dhlús a chur le húsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite, acmhainneacht tarchurtha leictreachais, éascú nósanna imeachta ceadúnúcháin agus infheistiú in éifeachtúlacht fuinnimh; go dtacódh sé le bardais chun pleananna áitiúla mionsonraithe a fhorbairt don fhuinneamh in-athnuaite agus do chórais téimh agus fuaraithe ceantair; go gcuirfeadh sé chun cinn leictriú an iompair agus go ndéanfadh sé infheistíocht san iompar poiblí; agus go gcuirfeadh sé dlús le hiarrachtaí beartais maidir leis na scileanna is gá don aistriú glas.

(5) Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha uile tráth a cuireadh isteach an RRP náisiúnta leasaithe, measann an Coimisiún go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i ndáil leis na moltaí a rinneadh in 2023 maidir le dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite agus i ndáil leis an moladh a rinneadh in 2020 maidir le tionchar ghéarchéim COVID-19 ar an bhfostaíocht a mhaolú.

(6) Cuireadh isteach an RRP leasaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a reáchtáladh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, próiseas a raibh údaráis agus comhpháirtithe sóisialta páirteach ann. Cuireadh isteach an achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an RRP náisiúnta leasaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábhartháthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an RRP leasaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(7) Na leasuithe ar an RRP a chuir Lucsamburg isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le ceithre bheart.

(8) Mhínigh Lucsamburg nach féidir beart amháin, an 'Tionscadal "Neischmelz' in Dudelange – fuinneamh in-athnuaite', a bhaint amach a thuilleadh laistigh de shaolré na Saoráide, mar gheall ar mhoilleanna gan choinne ar oibreacha tógála ó aimsíodh bitóp neamhchoitianta ar an láithreán tógála. Baineann sé sin le garsprioc 1C-4, garsprioc 1C-5, garsprioc 1C-6, garsprioc 1C-7 agus garsprioc 1C-8 faoi chomhchuid '1C – Méadú ar an soláthar tithíochta poiblí inacmhainne agus inbhuanaithe'. Thairis sin, tá beart eile ann, 'Infheistíocht 2: Réiteach teilileighis le haghaidh cianobair leantach leighis ar othair', nach féidir é a bhaint amach a thuilleadh ar an mbealach céanna toisc nach bhfuil an réiteach TF dílseánaigh a beartaíodh ar dtús ar fáil, agus mar gheall ar imthosca ar tháinig athrú orthu tar éis dheireadh ghéarchéim COVID-19. Baineann sé sin le garsprioc 1B-8 faoi chomhchuid '1B: Athléimneacht an chórais sláinte a threisiú'. Ar an mbonn sin, d'iarr Lucsamburg go mbainfí an Infheistíocht faoi chomhchuid 1C agus go leasófaí Infheistíocht 2 faoi chomhchuid 1B. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(9) Ina theannta sin, d'iarr Lucsamburg go n-úsáidfí na hacmhainní a saoradh tríd an Infheistíocht faoi chomhchuid 1C a bhaint agus trí Infheistíocht 2 faoi chomhchuid 1B faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241 a mhodhnú, ar mhéid iomlán EUR 18 884 883 chun leibhéal cur chun feidhme 'Infheistíocht 2: Soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus soghluaisteacht ghníomhach a chur chun cinn' den chaibidil REPowerEU a mhéadú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(10) Mhínigh Lucsamburg gur cheart trí bheart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a mbun-uaillmhian a bhaint amach. Baineann sé sin le garspriocanna 3B-5 agus 3B-6 de 'Infheistíocht 2: Forbairt MyGuichet – Tionscadal 1/3 – Coinne fhíorúil' agus le garspriocanna 3B-11 agus 3B-12 de 'Infheistíocht 3: eADEM' faoi chomhchuid '3B: Nuachóiriú an riaracháin phoiblí'. Leis na modhnuithe sin, ba cheart go mbainfí mionsonraí nach bhfuil gá leo maidir le tuairiscí ar na bearta, mionsonraí nach rannchuidíonn le cuspóirí na mbeart sin a bhaint amach, chun an t-ualach riaracháin nach bhfuil údar leis a laghdú.

(11) Measann an Coimisiún, i bhfianaise na gcúiseanna arna gcur chun cinn ag Lucsamburg, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

***An chaibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241***

(12) Leis an gcaibidil REPowerEU áirítear athchóiriú nua amháin agus trí infheistíocht nua. Le hathchóiriú 'Straitéis náisiúnta bhithgháis', déantar athbhreithniú ar scéim tacaíochta Lucsamburg do tháirgeadh leictreachais agus bithgháis agus rannchuidítear leis an gcuspóir táirgeadh agus glacadh bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú. Is scéim tacaíochta airgeadais í infheistíocht 1 le haghaidh tionscadail athchóirithe fuinnimh agus tógála le haghaidh tithíochta. Tá sé d'aidhm aici borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur lena imscaradh. Is scéim tacaíochta airgeadais í infheistíocht 2 chun feithiclí agus rothair astaíochtaí nialasacha a cheannach, rud a rannchuidíonn leis an gcuspóir tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha. Is scéim tacaíochta airgeadais í infheistíocht 3 d'fhiontair a shuiteálann gléasraí grianfhuinnimh fótavoltaigh le haghaidh uath-ídiú leictreachais, rud a éascaíonn imscaradh fuinnimh in-athnuaite. Rannchuidíonn imscaradh fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr le leochaileachtaí a laghdú le linn shéasúr an gheimhridh atá le teacht.

(13) Rinne an Coimisiún measúnú ar an RRP leasaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(14) Ba cheart dáileadh na ngarspriocanna agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun an leithdháileadh REPowerEU nua, na leasuithe ar an RRP agus an amlíne tháscach a chuir Lucsamburg i láthair a chur san áireamh.

*Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún*

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.1, a ghabhann leis, is é atá san RRP leasaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU, den chuid is mó (rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a chuireann go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(16) Freagairt chuimsitheach agus cothromaithe go leormhaith (rátáil A) ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta ag an am a bhí san RRP bunaidh, rud a chuir go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241.

(17) Cumhdaítear na 6 cholún ar bhealach cuimsitheach go fóill leis an RRP leasaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, agus áirítear ann líon nach beag comhchodanna a thacaíonn le níos mó ná colún amháin. In ainneoin na hinfheistíochta a baineadh den RRP bunaidh ar bhonn Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, raon gníomhartha an RRP leasaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, comhfhreagraíonn siad do chuspóirí na Saoráide agus tá cothromaíocht fhoriomlán iomchuí ann idir na colúin mar gheall ar bhearta a tugadh isteach arís sa chaibidil REPowerEU faoi Airteagal 21c(3) den Rialachán sin. Go háirithe, rannchuidíonn na bearta atá san áireamh sa chaibidil REPowerEU le colúin an aistrithe ghlais, an fháis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh, agus an chomhtháthaithe shóisialta agus chríochaigh.

***Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha***

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.2, a ghabhann leis, meastar go gcuirfidh an RRP leasaithe go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar gach dúshlán nó ar fhothacar suntasach dúshlán (rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig Lucsamburg, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh, nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(19) Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha uile mar chuid de Sheimeastar Eorpach 2024, measann an Coimisiún go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i ndáil leis an moladh a rinneadh in 2023 maidir le dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite agus i ndáil leis an moladh a rinneadh in 2020 maidir le tionchar ghéarchéim COVID-19 ar an bhfostaíocht a mhaolú.

(20) Áirítear leis an RRP leasaithe sraith fhairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar Lucsamburg i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe maidir leis an margadh tithíochta, ráta fostaíochta oibrithe scothaosta, an iompar inbhuanaithe, agus na scileanna is gá don aistriú glas.

(21) Tugtar aghaidh sa chaibidil REPowerEU ar na dúshláin a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha a bhaineann leis an mbeartas fuinnimh agus leis an aistriú glas. Go háirithe, a mhéid a bhaineann bearta na caibidle REPowerEU eadhon an t-athchóiriú ar an gcreat le haghaidh bithghás inbhuanaithe agus infheistíochtaí lena gcuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite i dtithíocht, soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, agus suiteálacha fótavoltacha ar mhionscála – tugann siad aghaidh go díreach ar mholadh 4 a rinneadh in 2023 maidir leis an ngá leis an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú, na fochodanna ar leith maidir le hinfheistíocht a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh agus leictriú an iompair a chur chun cinn.

***Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach***

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.3, a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (rátáil A) ag an RRP leasaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach Lucsamburg a neartú, lena gcuirfear le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

(23) Sa mheasúnú ar an RRP bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.3, a ghabhann leis, fuarthas amach go raibh coinne leis go mbeadh tionchar mór ag an RRP bunaidh ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach (rátáil A) Luscamburg a neartú.

(24) Tá infheistíochtaí agus athchóirithe nach beag fós san áireamh san RRP leasaithe chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí an gheilleagair agus an chomhtháthaithe eacnamaíoch. Áirítear leis sin athchóiriú chun inrochtaineacht tithíocht a fheabhsú; athchóirithe agus infheistíochtaí i gcóras cúraim sláinte níos éifeachtúla; bearta chun rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú; agus infheistíochtaí i ndigiteáil an riaracháin phoiblí.

(25) Neartaítear an comhtháthú sóisialta leis na bearta uas-scilithe agus athscilithe, go háirithe an infheistíocht atá dírithe ar oibrithe scothaosta, agus trí aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa rochtain ar chúram sláinte, agus ar an gcaoi sin rannchuidítear le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

***Gan dochar suntasach a dhéanamh***

(26) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n- áiritheofar leis an RRP leasaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear san RRP difear do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(27) Níl tionchar ag na leasuithe ar na bearta a áiríodh san RRP bunaidh ar an measúnú ar an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' atá fós mar a bhí.

---

[4] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

(28) Meastar go bhfuil an RRP leasaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach san Fhógra ón gCoimisiún dar teideal 'Treoir Theicniúil maidir le cur i bhfeidhm 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoin Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta'[5]. Is é conclúid an mheasúnaithe nach bhfuil aon riosca ann go ndéanfar dochar suntasach i gcás gach birt nua faoin gcaibidil REPowerEU nó, i gcás ina sainaithnítear riosca, déantar measúnú níos mionsonraithe lena léirítear nach ndearnadh dochar suntasach. I gcás inar gá, tá na ceanglais maidir le comhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' cumhdaithe i gceapadh birt.

***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

(29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann leis, tá coinne leis go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

---

[5] IO C 58, 18.2.2021. lch 1.

(30) Meastar go rannchuideoidh cur chun feidhme éifeachtach na mbeart atá beartaithe le héifeachtúlacht fuinnimh, le himscaradh fuinnimh in-athnuaite agus le hiompar astaíochtaí nialasacha. Leis an athchóiriú ar an straitéis bithgháis inbhuanaithe, tugtar aghaidh ar an gcuspóir táirgeadh agus glacadh bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú. Tá sé d'aidhm ag an infheistíocht in athchóiriú fuinnimh tithíochta borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur lena imscaradh. Tá imscaradh fuinnimh in-athnuaite ina chuspóir freisin don infheistíocht i suiteálacha fótavoltacha i bhfiontair le haghaidh uath-ídiú leictreachais. Rannchuidíonn an infheistíocht lena gcuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do dhaoine a cheannaíonn feithiclí astaíochtaí nialasacha leis an gcuspóir tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha.

(31) Tá an chaibidil REPowerEU comhsheasmhach le gealltanas Lucsamburg astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Treisíonn na bearta maidir le tithíocht agus iompar inbhuanaithe iad siúd a áirítear san RRP bunaidh.

(32) Tugtar aghaidh freisin sa chaibidil REPowerEU ar an ngá le foinsí a úsáid cé is moite de bhreoslaí iontaise trí dhlús a chur le himscaradh foinsí in-athnuaite fuinnimh, rud a mhéadóidh slándáil fuinnimh Lucsamburg.

***Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo***

(33) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.13, a ghabhann leis, tá coinne leis go mbeidh gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint go mór (rátáil A) leis na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU.

(34) Rannchuidíonn an chaibidil REPowerEU le soláthar fuinnimh a áirithiú san Aontas ina iomláine, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh sa mheasúnú riachtanas is déanaí ón gCoimisiún, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c(3) de Rialachán (AE) 2021/241, agus an ranníocaíocht airgeadais atá ar fáil do Lucsamburg á cur san áireamh. Rannchuidíonn na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU le laghdú a dhéanamh ar spleáchas Lucsamburg ar fhuinneamh allmhairithe agus ar bhreoslaí iontaise trí acmhainneacht bhreise fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt. Rannchuidíonn an chaibidil REPowerEU freisin leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú trí thacú le hathchóiriú fuinnimh foirgneamh cónaithe agus trí iompar inbhuanaithe a chumasú a thuilleadh.

(35) EUR 94 milliún san iomlán atá i gceist le costais mheasta iomlána na mbeart sin, mar atá 53 % de chostais mheasta na caibidle REPowerEU, os cionn na sprice táscaí de 30 %.

*Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht*

(36) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le Iarscríbhinn V, critéar 2.5, a ghabhann leis, tá bearta san RRP leasaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 80,1 % de leithdháileadh iomlán an RRP agus 90,3 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán (AE) sin, tá an RRP leasaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030 agus i ndréacht-nuashonrú 2023 air.

(37) Tá tionchar na mbeart a baineadh agus a leasaíodh ar uaillmhian fhoriomlán an RRP maidir leis an aistriú glas teoranta, ós rud é go n-úsáidtear leithdháileadh an bhirt a baineadh le haghaidh bhearta na caibidle REPowerEU. Déanann an chaibidil REPowerEU rannchuidiú nach beag le tacú a thuilleadh le haistriú glas Lucsamburg, ós rud é go rannchuidíonn gach athchóiriú agus infheistíocht nua leis an gcuspóir sin. Tá sé d’aidhm ag an athchóiriú agus ag na hinfheistíochtaí an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite, agus tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha.

(38) Leanann an RRP leasaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU de bheith ag rannchuidiú go mór leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, mar aon le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050 á chomhlíonadh an tráth céanna.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(39) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.6, a ghabhann leis, tá bearta san RRP leasaithe a rannchuidíonn go mór leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 37,5 % de leithdháileadh iomlán an RRP leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(40) Leanann an RRP leasaithe de bheith ag rannchuidiú go mór leis an aistriú digiteach trí roinnt infheistíochtaí lena ndigitítear an riarachán poiblí agus an cúram sláinte, agus trí bhonneagar cumarsáide sárshlán a fhorbairt bunaithe ar theicneolaíocht chandamach.

***Tionchar marthanach***

(41) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.7, a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar marthanach den chuid is mó (rátáil A) ag an RRP leasaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU ar Lucsamburg.

(42) Sa mheasúnú ar an RRP bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.7, a ghabhann leis, fuarthas amach go raibh coinne leis go mbeadh tionchar buan ag an RRP bunaidh ar Lucsamburg den chuid is mó (rátáil A).

(43) Leanann an RRP leasaithe de bheith ag díriú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha nuálacha agus inbhuanaithe a bhfuil acmhainneacht saothraithe shuntasach ag baint leo. Meastar go mbeidh éifeachtaí dearfacha marthanacha ag an gcaibidil nua REPowerEU, sa bhreis ar na bearta atá ann cheana, ar gheilleagar Lucsamburg agus go gcuirfidh sí borradh breise faoina aistriú glas. Meastar go mbeidh tionchar fadtéarmach ag infheistíochtaí san fhuinneamh in-athnuaite, san éifeachtúlacht fuinnimh agus i leictriú an iompair ar laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar spleáchas ar bhreoslaí iontaise. Imreoidh an t-athchóiriú tionchar buan trí fheabhas a chur ar na creatchoinníollacha le haghaidh táirgeadh bithgháis inbhuanaithe.

***Faireachán agus cur chun feidhme***

(44) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le Iarscríbhinn V, critéar 2.8, a ghabhann leis, is leormhaith (rátáil A) na socruithe atá beartaithe san RRP leasaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach RRP a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocannaagus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(45) Sa mheasúnú ar an RRP bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.8, a ghabhann leis, fuarthas amach go raibh an RRP bunaidh leordhóthanach (rátáil A) chun faireachán éifeachtach agus cur chun feidhme éifeachtach an RRP a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(46) Níl tionchar ag cineál agus méid na leasuithe atá beartaithe ar RRP Lucsamburg ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach anRRP. Go háirithe, tá na garspriocanna agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta leasaithe agus an bearta nua, lena n-áirítear iad siúd atá sa chaibidil REPowerEU, soiléir agus réalaíoch agus tá na táscairí atá beartaithe le haghaidh na ngarspriocannaagus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha agus láidir. Tá garspriocanna agus spriocanna ábhartha freisin maidir le bearta a cuireadh i gcrích cheana agus atá incháilithe faoi Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Is gá na garspriocanna agus na spriocanna sin a chomhlíonadh go sásúil le himeacht ama chun údar cuí a thabhairt le hiarraidh ar eisíocaíocht.

***Costáil***

(47) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.9, a ghabhann leis, an réasúnú a thugtar san RRP leasaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas measta iomlán a bhaineann leis an RRP, tá an réasúnú sin measartha maidir lena réasúnta agus a shochreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(48) Maidir leis an measúnú costála ar an RRP athbhreithnithe, an réasúnú arna sholáthar ag Lucsamburg maidir le méid mhodhnuithe costais anRRP, tá an réasúnú sin inchreidte go réasúnta, i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta, agus i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(49) Maidir leis na bearta sa chaibidil REPowerEU, léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais agus ar na doiciméid tacaíochta go bhfuil formhór na gcostas réasúnta agus inchreidte. Cuireadh léiriú iomlán ar na costais ar fáil le haghaidh na mbeart nua. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an RRP i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

(50) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.10, a ghabhann leis an Rialachán sin, na socruithe atá beartaithe san RRP leasaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, is leormhaith iad (Rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus meastar go seachnófar maoiniú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi cláir eile an Aontais ar bhealach éifeachtach leis na socruithe. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

---

[6] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

(51) Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú bunaidh go raibh na socruithe rialúcháin agus iniúchóireachta a mhol Lucsamburg leordhóthanach (rátáil A) faoi Iarscríbhinn V, critéar 2.10, de Rialachán (AE) 2021/241, faoi réir chomhlíonadh tráthúil dhá gharsprioca bhaineann le córas stórais chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an RRP agus tabhairt chun críche cur chun feidhme nósanna imeachta breise chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, a ndearnadh measúnú dearfach orthu faoi réir gealltanais le linn an fhormheasa ar an gcéad iarraidh ar íocaíocht. Is ar an Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Buiséadacha laistigh den Aireacht Airgeadais atá an fhreagracht fhoriomlán as cur chun feidhme an RRP agus is í atá freagrach thar ceann na gcomhlachtaí cur chun feidhme uile as gnéithe oibríochtúla agus riaracháin an RRP. Is é an t-údarás iniúchóireachta don RRP, an Ard-Chigireacht Airgeadais (IGF), atá freagrach as iniúchtaí córais a dhéanamh chun oibriú éifeachtach an chórais rialúcháin a fhíorú, chomh maith le hiniúchtaí ar oibríochtaí chun dearbhú a thabhairt maidir le baint amach garspriocanna agus spriocanna.

(52) Ó rinneadh an measúnú bunaidh, bhí rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis maidir le cur chun feidhme iarbhír chóras iniúchóireachta agus rialúcháin Lucsamburg. Áirítear leis sin torthaí na hiniúchóireachta ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais arna ndéanamh ag an gCoimisiún i Lucsamburg.

(53) I bhfianaise na faisnéise sin, measann an Coimisiún go bhfuil córas rialúcháin inmheánaigh RRP Lucsamburg leordhóthanach ar an iomlán. Rinne Lucsamburg athbhreithniú ar an méid seo a leanas: (a) a nósanna imeachta maidir le coinbhleachtaí leasa, neamhrialtachtaí a bhrath, faireachán a dhéanamh ar chaiteachas, cistiú dúbailte, soláthar poiblí agus deontais; agus (b) nósanna imeachta inmheánacha an chomhlachta comhordúcháin a thabhairt cothrom le dáta, i bhfianaise na mbarúlacha a tugadh le linn na n-iniúchtaí chun iad a dhéanamh níos iomchuí agus níos comhréirí le cosaint leasanna airgeadais an Aontais. Thairis sin, tá athbhreithniú déanta ag comhlacht iniúchóireachta Lucsamburg ar a straitéis iniúchóireachta.

***Comhleanúnachas an RRP***

(54) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.11, a ghabhann leis, áirítear go mór (rátáil A) san RRP leasaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadal infheistíochta poiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(55) Measadh sa mheasúnú ar an RRP bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.11, a ghabhann leis, gur áiríodh go mór (rátáil A) san RRP bunaidh bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadal infheistíochta poiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(56) Na leasuithe a rinneadh ar na comhchodanna den RRP atá ann cheana, ní athraíonn siad comhleanúnachas foriomlán an RRP, agus an chaoi a neartaíonn na bearta a chéile agus a gcomhlánaíonn siad a chéile á gcur san áireamh. Tá an chaibidil bhreise REPowerEU comhsheasmhach leis na bearta faoin RRP bunaidh chun tacú leis an aistriú glas agus treisíonn sí a thuilleadh uaillmhian na mbeart a bhaineann le tithíocht inbhuanaithe agus leictriú an iompair. Tá meascán comhsheasmhach d'athchóiriú agus de thrí infheistíocht a threisíonn a chéile agus a chomhlánaíonn a chéile sa chaibidil REPowerEU.

*An próiseas comhairliúcháin*

(57) Rinne Lucsamburg comhairliúcháin bhreise le páirtithe leasmhara i gcomhthéacs an leasaithe ar an RRP agus chun an chaibidil REPowerEU a ullmhú, lena n-áirítear comhairliúchán le comhpháirtithe sóisialta.

*Measúnú dearfach*

(58) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an RRP leasaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an RRP na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, leagtar amach sa Chinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an RRP leasaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU a chur chun feidhme, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh- iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an RRP mhodhnaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU.

*Rannchuidiú airgeadais*

(59) Is é EUR 241 100 776 costais mheasta iomlána RRP leasaithe Lucsamburg lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostais mheasta iomlána an RRP leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil do Lucsamburg, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh do RRP leasaithe Lucsamburg lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU a bheith cothrom le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do RRP leasaithe Lucsamburg lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Is é atá sa mhéid sin EUR 82 670 643.

(60) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 16 Bealtaine 2024, chuir Lucsamburg iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a(1) den Rialachán sin, arna roinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin. Is é EUR 176 746 699 costas measta iomlán na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh rannchuidiú leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f), de Rialachán (AE) 2021/241, a áirítear sa chaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil do Lucsamburg, ba cheart go mbeadh an tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise atá ar fáil do Lucsamburg cothrom leis an sciar leithdháilte. Is é atá sa mhéid sin EUR 29 955 009.

(61) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], an 28 Feabhra 2024 chuir Lucsamburg iarraidh réasúnaithe isteach ar an leithdháileadh sealadach uile atá fágtha aige a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid, is é sin EUR 128 475 124. Ba cheart an méid sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa chaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise.

(62) Ba cheart ranníocaíocht airgeadais iomlán EUR 241 100 776 a bheith ar fáil do Lucsamburg.

(63) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[7] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, p. 1).

*Airteagal 1*

An Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg, leasaítear é mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an RRP*

Formheastar an measúnú ar RRP leasaithe Lucsamburg a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoinRRP, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an RRP agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil do Lucsamburg i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha dar luach EUR 241 100 776[*]. Áirítear ar an ranníocaíocht sin:

(a) méid EUR 76 625 886, a bheidh ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

(b) méid eile EUR 6 044 757, a bheidh ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(c) méid EUR 29 955 009[**], i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh rannchuidiú leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c den Rialachán sin, cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointe (a);

(d) méid EUR 128 475 124, arna aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil do Lucsamburg i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear méid EUR 12 136 030 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí den sórt sin faoi réir infhaighteacht an chistithe.';

---

* Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach Lucsamburg den speansas dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach Airteagal 11 den Rialachán sin.

** Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach Lucsamburg den speansas dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach Iarscríbhinn IVa den Rialachán sin.

(3) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ard-Diúcacht Lucsamburg.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*